Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10160/22**

**EF 166**
**ECOFIN 615**
**DELACT 86**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3584 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.6.2022 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3584 final.

Faoi iamh: C(2022) 3584 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2022
C(2022) 3584 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2022**

**lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (EMIR), foráiltear maidir le díolúine shealadach ón oibleagáid imréitigh le haghaidh Socruithe Scéimeanna Pinsean (PSAnna) lena gcomhlíontar critéir áirithe. Leagtar amach an idirthréimhse sin in Airteagal 89(1) de EMIR agus foráiltear léi maidir le tuilleadh ama le haghaidh contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), socruithe scéimeanna pinsean agus comhaltaí imréitigh chun réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt a d'fhágfadh go mbeadh socruithe scéimeanna pinsean in ann glaonna ar chorrlach athrúcháin airgid ó na CPLanna a chomhlíonadh, rud a mhaolódh na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag conarthaí díorthacha a imréitítear go lárnach ar shochair scoir na bpinsinéirí a bheidh ann amach anseo.

Tá síneadh curtha leis an díolúine shealadach thar na blianta, ós rud é nár tháinig aon réiteach teicniúil inmharthana chun cinn.

- Leis an athbhreithniú ar EMIR (Rialachán (AE) Uimh. 834/2019, 'Refit EMIR') cuireadh síneadh leis an díolúine go dtí an 18 Meitheamh 2021;
- I gcomhréir le hAirteagal 85(2) de EMIR, is féidir síneadh a chur léi faoi dhó, síneadh bliana gach uair, trí ghníomh tarmligthe ón gCoimisiún a ghlacadh, agus is é aidhm dheiridh don Rialachán i gcónaí é imréiteach lárnach a dhéanann socruithe scéimeanna pinsean.
- An 8 Meitheamh 2021 agus an 10 Meitheamh 2021, faoi seach, níor chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle in aghaidh togra a ghlac an Coimisiún an 6 Bealtaine 2021 chun síneadh a chur leis an díolúine go ceann bliain eile, mar sin faoi láthair beidh an díolúine i bhfeidhm go dtí an 18 Meitheamh 2022[1].

Leis an nGníomh Tarmligthe seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún bliain bhreise a chur leis an díolúine atá ann cheana. Is é sin an síneadh deiridh is féidir faoi chreat EMIR atá ann faoi láthair.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Le 'Refit EMIR', déantar foráil maidir le creat cuimsitheach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh réitigh inmharthana a aimsiú i leith bacainní lena gcuirtear cosc ar shocruithe scéimeanna pinsean imréiteach go lárnach. De réir Airteagal 85(2), ní mór don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a ullmhú, tuarascála ina measúnófar cé acu a forbraíodh nó nár forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana a d'fhágfadh go mbeadh socruithe scéimeanna pinsean in ann corrlach athrúcháin a chumhdach in airgead nó comhthaobhacht neamhairgid a aistriú mar chorrlaigh athrúcháin, agus ina measúnófar an gá le beartais bhreise chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú.

Ní mór don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ábhar chun cur le measúnú an Choimisiúin. Thairis sin,

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/962 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 213, 16.6.2021, lch. 1).

tá ceangal ar an gCoimisiún grúpa saineolaithe a chur ar bun ina mbeidh ionadaithe ó CPLanna, ó chomhaltaí imréitigh, ó shocruithe scéimeanna pinsean agus ó pháirtithe ábhartha eile chun faireachán a dhéanamh ar a n-iarrachtaí agus chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt lena n-éascófar imréiteach conarthaí díorthach thar an gcuntar ag socruithe scéimeanna pinsean (dá ngairtear 'grúpa saineolaithe PSA' anseo feasta). Déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha, na comhaltaí imréitigh agus na socruithe scéimeanna pinsean a seacht ndícheall rannchuidiú le réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt.

D'fhoilsigh an Coimisiún a thuarascálacha chuig na comhreachtóirí i mí Mheán Fómhair 2020 (COM(2020) 574 final 23.9.2020) agus i mí na Bealtaine 2021 (COM(2021) 224 final 06.05.2021). D'aithin an Coimisiún sna tuarascálacha go bhfuil feabhas tagtha ar dhálaí leachtachta le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean thar na blianta agus go bhfuil dul chun cinn déanta ag na páirtithe leasmhara ábhartha i dtaca le teacht ar réitigh inmharthana. Go háirithe, tá samhlacha rochtana éascaithe ar na margaí athcheannaigh imréitithe forbartha ag CPLanna, nó tá siad á bhforbairt acu faoi láthair, áit a bhféadfadh socruithe scéimeanna pinsean comhthaobhacht neamhairgid a thiontú go hairgead[2]. Tá socruithe scéimeanna pinsean áirithe ag imréiteach cuid dá ndíorthaigh go deonach cheana féin, mar chliaint na gcomhaltaí imréitigh. Cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha gur saincheist le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean i gcónaí é an gá corrlach athrúcháin a bhreacadh in airgead i ndálaí anáis sa mhargadh, nuair is féidir le hiarrataí ar chorrlach airgid ó CPLanna dul i méad agus nuair nach féidir i gcónaí cumas na socruithe scéimeanna pinsean dul i muinín an mhargaidh athcheannaigh a áirithiú.

Fuair an Coimisiún an tuarascáil is déanaí ó ESMA an 25 Eanáir 2022[3]. Deimhníodh ar an iomlán sa tuarascáil go bhfuil an cur síos, an anailís agus na torthaí a shonraítear i dTuarascáil ESMA ó mhí na Nollag 2020[4] fós bailí, agus an uair seo dírítear ar ullmhacht oibríochtúil socruithe scéimeanna pinsean chun imréitigh. Is é conclúid ESMA go bhfuil socruithe scéimeanna pinsean réidh go hoibríochtúil den chuid is mó le himréiteach a dhéanamh agus go bhfuil líon méadaitheach acu ag imréiteach cuid dá bpunanna díorthach ar a laghad go deonach, ach go dteastaíonn am ó shocruithe scéimeanna pinsean agus ó rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh chun bailchríoch a chur ar a gcuid socruithe imréitigh agus ar a gcuid socruithe maidir le bainistíocht comhthaobhachta. Thairis sin, creideann ESMA gur cheart breathnú ar thús na hoibleagáide imréitigh le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean i gcomhthéacs cumas imréitigh a fhorbairt san Aontas Eorpach. Ar an mbonn sin, mar fhocal scoir, molann sé síneadh eile bliana.

Comhthacaítear leis an gconclúid sin leis an bplé laistigh de ghrúpa saineolaithe PSA, grúpa a tháinig le chéile sé huaire ó bunaíodh é in 2019, agus den uair is déanaí i mí an Mhárta 2022. Le linn an chruinnithe dheireanaigh, chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil socruithe scéimeanna pinsean réidh den chuid is mó le himréiteach, go bhfuil socruithe imréitigh i bhfeidhm acu agus go n-imréitítear trádálacha áirithe go deonach cheana féin. Mar sin féin, chuir ionadaithe ó shocruithe scéimeanna pinsean sa ghrúpa saineolaithe i dtábhacht go bhfuil saincheist shonrach fós ann maidir le rochtain na socruithe scéimeanna pinsean ar leachtacht

[2] Is éard atá i gcomhaontú athcheannaigh ('repo') comhaontú chun urrúis a dhíol ar phraghas ar leith mar aon le comhaontú chun na hurrúis sin a athcheannach ar phraghas comhaontaithe ar dháta níos déanaí. Leis an margadh athcheannaigh, tugtar le chéile gnólachtaí a sholáthraíonn comhthaobhacht mar mhalairt ar airgead agus gnólachtaí a sholáthraíonn airgead mar mhalairt ar chomhthaobhacht.

[3] *Clearing obligation for pension scheme arrangements* [Oibleagáid imréitigh le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean], an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ESMA70-451-110, an 25 Eanáir 2022.

[4] *Report on the central clearing solutions for pension scheme arrangements (No. 2)* [Tuarascáil maidir leis na réitigh imréitigh lárnaigh le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean (Uimh. 2)], an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ESMA70-151-3248, an 17 Nollaig 2020

leordhóthanach i dtréimhsí struis chun airgead a sholáthar le haghaidh glaonna ar chorrlach athrúcháin, agus dá bhrí sin tá drogall ar chuid acu fós sciar níos mó dá bpunanna díorthach a imréiteach.

I bhfianaise thuarascáil ESMA chomh maith leis an bplé a rinneadh i ngrúpa saineolaithe PSA, d'ullmhaigh an Coimisiún tuarascáil[5] inar thángthas ar an gconclúid go ndearnadh dul chun cinn substaintiúil, ó bhí 2019 ann, maidir le himréiteach lárnach le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean, lena n-áirítear roinnt socruithe scéimeanna pinsean bogadh i bpáirt chuig imréiteach lárnach ar bhonn deonach. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dreasachtaí chun imréiteach socruithe scéimeanna pinsean a éascú. Go háirithe, ba cheart do chontrapháirtithe lárnacha an Aontais an t-am leithroinnte a úsáid chun leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a rochtain éascaithe agus ar a samhlacha maidir le babhtáil comhthaobhachta, chun go mbeidh siad níos tarraingtí do shocruithe scéimeanna pinsean.

Thairis sin, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir leis an togra le haghaidh gníomh tarmligthe chun síneadh bliana a chur le díolúine imréitigh lárnaigh na socruithe scéimeanna pinsean go dtí mí an Mheithimh 2023. Léiríodh sa chomhairliúchán sin comhdhearcadh leathan maidir leis an togra síneadh a chur leis an díolúine agus aitheantas go mbeidh imréiteach lárnach le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean éigeantach i mí an Mheithimh 2023. Chuir roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le cumarsáid shoiléir chun a áirithiú go bhforbróidh CPLanna a gcumas imréitigh agus go bhforbróidh socruithe scéimeanna pinsean a gcuid próiseas bainistithe leachtachta chun go mbeidh socruithe scéimeanna pinsean in ann imréiteach lárnach a rochtain gan stró nuair a rachaidh an díolúine shealadach ón oibleagáid imréitigh i léig i mí an Mheithimh 2023.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foráiltear maidir leis an gceart chun gníomh tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 85(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (EMIR).

[5] COM (2022) 254, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi Airteagal 85(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, le contrapháirtithe lárnacha agus le stórtha trádála, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 834/2019, lena measúnaítear ar forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú mar éarlais athrúcháin trí shocruithe scéimeanna pinsean agus an gá atá le haon bheart chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2022**

**lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[6], agus go háirithe Airteagal 85(2), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid imréitigh a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin, go dtí an 18 Meitheamh 2021, maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí a laghdaíonn rioscaí infheistíochta a bhaineann go díreach le sócmhainneacht airgeadais na socruithe scéimeanna pinsean, agus le heintitis a bunaíodh chun cúiteamh a sholáthar do chomhaltaí socruithe scéimeanna pinsean i gcás mainneachtana. Tugadh an idirthréimhse sin isteach chun go bhféadfaí réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú trí shocruithe scéimeanna pinsin mar chorrlach athrúcháin, agus ar an gcaoi sin aon éifeacht dhíobhálach ar shochair scoir pinsinéirí a bheidh ann amach anseo a sheachaint, ar éifeachtaí iad a tharlódh mar gheall ar an oibleagáid imréitigh a chur i bhfeidhm láithreach maidir leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin.

(2) Le hAirteagal 85(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tugtar de chumhacht don Choimisiún síneadh a chur faoi dhó leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) den Rialachán sin, síneadh bliana gach uair, sa chás go gcinnfeadh an Coimisiún nár forbraíodh aon réiteach teicniúil inmharthana chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú trí shocruithe scéimeanna pinsean mar chorrlaigh athrúcháin agus nár tháinig aon athrú ar na héifeachtaí díobhálacha ar shochair scoir pinsinéirí a bheidh ann amach anseo mar gheall ar chonarthaí díorthach a imréiteach go lárnach. Chun na críche sin, le hAirteagal 85(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascálacha bliantúla a ullmhú, go dtí síneadh deiridh na hidirthréimhse, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a forbraíodh nó nár forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana den sórt sin agus cé acu an gá nó nach gá aon bheart a ghlacadh chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú.

(3) Ghlac an Coimisiún dhá thuarascáil bhliantúla an 23 Meán Fómhair 2020[7] agus an 6 Bealtaine 2021[8] faoi seach. Sna tuarascálacha sin, thug an Coimisiún faoi deara go

[6] IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

bhfuil iarrachtaí déanta ag rannpháirtithe sa mhargadh thar na blianta réitigh theicniúla iomchuí a fhorbairt lena n-áirítear claochlú comhthaobhachta ag comhaltaí imréitigh nó trí mhargaí athcheannaigh imréitithe. Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil tús curtha ag roinnt socruithe scéimeanna pinsean le cuid dá bpunanna díorthach a imréiteach go lárnach ar bhonn deonach. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil gurbh é an príomhdhúshlán a bhí fós ann maidir le socruithe scéimeanna pinsean rochtain a fháil, i ndálaí anáis sa mhargadh, ar leachtacht chun an corrlach athrúcháin a bhreacadh, toisc go méadófaí go tapa agus go mór leis an gceanglas sin an riosca go n-ídeofaí leithdháiltí airgid na socruithe scéimeanna pinsean.

(4) Le hAirteagal 85(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, ceanglaítear orthu tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin, tuarascálacha ina measúnófar cé acu a rinne nó nach ndearna contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus socruithe scéimeanna pinsean iarracht iomchuí agus cé acu a d'fhorbair nó nár fhorbair siad réitigh theicniúla inmharthana lena n-éascaítear rannpháirtíocht na socruithe sin in imréiteach lárnach trí chomhthaobhacht airgid agus neamhairgid a bhreacadh mar chorrlaigh athrúcháin, lena n-áirítear impleachtaí na réiteach sin ar leachtacht an mhargaidh agus ar an gcomh-thimthriallacht agus ar na himpleachtaí dlíthiúla nó na himpleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith acu.

(5) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/962 ón gCoimisiún[9], tá síneadh curtha uair amháin ag an gCoimisiún leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, go dtí an 18 Meitheamh 2022.

(6) An 25 Eanáir 2022, chuir ESMA isteach an tuarascáil is déanaí uaidh maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus socruithe scéimeanna pinsean iarracht iomchuí agus cé acu a d'fhorbair nó nár fhorbair siad réitigh theicniúla inmharthana lena n-éascaítear rannpháirtíocht socruithe den sórt sin in imréiteach lárnach trí chomhthaobhacht airgid agus neamhairgid a bhreacadh mar chorrlaigh athrúcháin. Cé gur dhearbhaigh ESMA, den chuid is mó, na torthaí a bhí aige roimhe sin, ar torthaí iad a leagadh amach i dtuarascálacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin roimhe sin, dhírigh sé sa tuarascáil sin ar ullmhacht oibríochtúil na socruithe scéimeanna pinsean chun conarthaí díorthach thar an gcuntar a imréiteach. Cé go bhfuil conarthaí díorthach thar an gcuntar á n-imréiteach go deonach ag socruithe scéimeanna pinsean, ar socruithe scéimeanna pinsean iad a bhfuil a líon ag méadú go seasta, agus cé go bhfuil forbairt dhearfach ag teacht ar choinníollacha leachtachta, thángthas ar an gconclúid, freisin, i dtuarascáil ESMA go bhfuil méid leordhóthanach ama ag teastáil ó shocruithe scéimeanna pinsean agus ó rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh chun bailchríoch a chur ar a gcuid socruithe imréitigh agus ar a gcuid socruithe maidir le bainistíocht comhthaobhachta. Dá bhrí sin, chuir ESMA in iúl gur gá síneadh breise bliana a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(7) Sa mheasúnú is déanaí ón gCoimisiún ar staid ullmhachta na socruithe scéimeanna pinsean chun a bpunanna díorthach a imréiteach go lárnach[10], tháinig an Coimisiún ar

[7] COM (2020) 574 final
[8] COM (2021) 224 final
[9] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/962 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 213, 16.6.2021, lch. 1).

chonclúid atá cosúil le conclúid ESMA. De réir anailís an Choimisiúin, bhí coinníollacha leachtachta le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean fós láidir, fiú le linn tréimhsí struis sa mhargadh a bhí ann le déanaí, agus tá coinne leis go leanfaidh siad de bheith ag forbairt go dearfach de réir mar a úsáidfidh na cistí samhlacha rochtana malartacha ar an margadh athcheannaigh. Mar thoradh ar ionchas dearfach maidir le rochtain ar leachtacht, thosaigh líon méadaitheach socruithe scéimeanna pinsean ag imréiteach ar a laghad cuid dá bpunann díorthach go deonach. Ní mór am chun teacht in aibíocht a thabhairt do na samhlacha malartacha chun rochtain a fháil ar leachtacht tríd an margadh athcheannaigh, áfach, agus ní mór do shocruithe scéimeanna pinsean feabhas a chur ar a gcleachtais inmheánacha maidir le leachtacht agus bainistíocht comhthaobhachta.

(8) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún, agus tuarascáil ESMA á cur san áireamh aige, gur gá bliain amháin eile a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(10) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne chun a áirithiú go gcuirfear síneadh leis an idirthréimhse sula rachaidh sí in éag,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go dtí an 18 Meitheamh 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

10 COM (2022) 254